

Bird Trippers

. 130-133.

Is maith is eol do na héanacha an chaoi is fearr le sult a bhaint as saoire agus sí mí Mheadhon Fhogmair mí na saoire aca. Tamall roimh sgaoileadh an duilleabhar de na crainnte sin é an uair a bhíos na laethannta soineannta againn chó soineannta le am ar bith – teas san ngréin, speartha gorma ar chúlaibh duilleabhar órdha an chrainn gheanmhchnó, agus maidir leis an aer bíonn spreacadh iongantach an fhogmhair ann. An té a d'fhaireadh na héanlaith agus a gcleasa eilteoige a bhéas dá ndéanamh san aer aca san am seo ní bheadh aimhreas ar bith air nach mbíonn siad lán áthais nó ar mire le fíor-lúthgháir uaireannta.

Caitheann na preacháin uair indiaidh uaire os cionn an mhachaire gan stromh eilteoige ortha nár cosmhalacht na sgiatháin ar leathta aca agus uaireannta bíonn siad go rí árd sa lí-speir. Tig siad anuas de shleamhnú annsin agus ceann le fána bíonn gach de sheal aca ag dhul suas is anuas agus téigheann siad tart a' fainneáil le teann dúil san gluaiseacht, agus ní tada eile.

Annsin tugann siad mearfhéachaint indiaidh leicinn agus seo anuas iad na cosa rómpa sínta agus na sgiatháin leath-fhillte go n-itheann siad a sáth den ghrán sgeithe sa gcoinleach.

Sí an intinn chéadna a bhíos ag na faoileáin agus is gleoidhte arís na cleasa cliste eilteoige a bhíos ar siubhal san aer aca. Is míne iad sa sgiathán ná na préachain. Caitheann siad dhá uair a chloig amannta in áirde agus nuair a bhíos siad a casadh agus a timcheallú go sónta réidh bíonn siad go geal-airgeata lonrach.

Bíonn na Colmáin Coille ina gcéadta as an gcoinleach iad go sásta i gcomhlúadar a chéile ach sámhas an ithe ró-mhór ortha le bheith a' comhrádh. Tá suighleach de rudaí mhlise ar fad na ngort is na gcoill do na héanacha sanntacha seo a chaitheas an lá a bogadaighil go spádanta agus a n-iogáin mhóra dá líonadh go béal an phiobán acu. Tá na druideaga óga ag cuartú na dúthaighe agus droch-nósa na n-óg go fairsing acu. Siubhlann siad tart go dána mórchúiseach, agus níl richin le na gcabaireacht. Is mó aca a gcúrsaí féin ná cúrsaí uile na gcomharsan agus chuirfeadh a ndoicheallacht gráin ort. Ach siad atá dílis dá chéile agus má éirigheann mí-thapa do cheann aca cuidigheann comradaidhte leis go fíor-chinéalta.

Níl aon dream éanacha chó lúthgháireach ná chó clamparach i n-aimsir sin saoire ná na gealbháin bhinne. Gealbháin na gcathrach féin tugann siad an tuath ortha féin an t-am seo bhliain mar bíonn neart arbhar buidhe dóibh ar an gcoinleach grianmhar. Ní éanacha doicheallacha iad-san. Ní miste leo comhlúadar éanacha ar bith dá gcastar leo ná troid a dhéanamh leo ach an oiread.

Imthigheann in éinfeacht le gealbhain chátha gealbhain uaine, geallbhain bhuidhe agus glasóga agus bíonn ealtain mhóra aca ag gluaiseacht ó ghort go gort chó gealgáireach le aon díosgar-shluagh i gCondae Kent a' d'feicfeá a bailiú toradh an tsearbhlus.

Ní bhíonn coinleach taobh leis na héanlaith mar feithidí tá na míola ar fud na bhfud. Tá an choirchoile ag imtheacht de mhuing a mainge féin ar bharr an choilín starrtha agus cailleadh

an tsnáthadáin nach bog chriodheach atá sí réir dealraimh agus í a folruamhain thart. Ach ní hionann í agus a cosmhalacht mar níl áit den ghort dá dtéigheann sí na mbeireann sí uibheacha as a dtiocfaidh cóitíní leathair an mhísg a mhilleas faoi an talamh féarach mar itheann siad préamhacha an fhéir. Ach na preacháin úd a bhfuil sí ag eiteall ina neart gan beann aice ortha cuirfidh sí cúl ar mórán den mhillteanas mar is iomda crumh beathuighne a romharóchas siad san earrach le na dteann- ghobaibh.

Na deamhain is oilbéasaighe ar fad aca, na cnumha fóghmhair, tá siad annseo fós agus is gearr go gcuirfidh siad iallach orainn suaitheantas a thabhairt dóibh. Dubháin aildearga a thugann mórán daoine ortha ach ní dubháin alla iad ná fíor-mhíola féin ach crumha míoltóige. Greamuigheann siad seal d'ainmhidhe eicint agus said ainmhidhthe fola te is fearr leo agus ina theannta sin bíonn na céadta aca le fághail ar íochtar an duilleabhair agus má fhághann siad an uair breagh ní fearr leo rud ar bith ná greamú do bhiadhtaidhe níos blasta, mar tú féin, má fhágann siad an deis chuige agus cuirfidh siad as do chéill tú le tochas.

Tá na daola go fairsing agus cé gur gráin le na lán iad bheadh páirceanna agus bóithrínní na dúthaighe go brucach marach sochar a saothair. Tá a cruthanas sin inár bhfeadnaise. An luchóg fhéir seo a cailleadh de bharr mí-thap agus anthró éigin a d'éirigh dí tá daola beaga ablaigh go cruadhógach faoi agus thairis. Na feithidí áilne seo necrophones vespillo tá siad uile faoi bhandáí oráisteacha agus bandáí dubha. Siad a chuireann na marbh don dúlradh. Tá siad anois a tochailt faoin lucóg mharbh, déanfaidh siad uaidh trí hordlaigh domhain ar a laghad dó agus nuair a bhéas sé leigte síos an fhad sin clúdóchaidh siad anuas ar go mbeidh sé curtha. Sul má chlúduigheann siad an luchóg beireann siad a gcuid ubh ina timcheall agus imthigheann siad dá éis sin go bhfagha siad marbh eile le na chur.

An suandaol mí stuamdha bíonn sé a' stracadh is ag tarraingt leis tríd na gcoinlíní agus is minic ar a tharr in áirde é nuair a bhíos a bholg aníos mar sin. Bíonn an tréad mílíní a chráidheann é le feiceál. Ceaptaoi go mba míola cuirp iad a choinnigheann a culaidh comhraic glan sgiúrtha dá mághaistir. Faoi cheann cupla lá eile beidh an taobh dearg den fhód dá cur in uachtar sa gcoinleach agus ní bheidh táisg ná tuairisg sa ngort ar éanlaith a bhí ar saoire ná ar na míola ach an oiread.